# RÚN (AE) 2023/1951 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**an 10 Bealtaine 2023**

**ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan (an Comhghnóthas Spéire Glaine 2 roimh an 30 Samhain 2021) don bhliain airgeadais 2021**

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0078/2023),

A. de bhrí gur cuireadh an Comhghnóthas um chur chun feidhme an Chomhthionscnaimh Teicneolaíochta san Aerloingseoireacht ar bun i mí na Nollag 2007 faoin Seachtú Clár Réime um Thaighde (FP7) ar feadh tréimhse deich mbliana (Spéir Ghlan 1). de bhrí gur chuir an Chomhairle síneadh le saolré an chomhghnóthais faoi chlár Fís 2020 i mí na Bealtaine 2014 ar feadh tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2024 (Spéir Ghlan 2);

B. de bhrí gur ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2021/2085 ([1]) ('an Bun-Acht Aonair') i mí na Samhna 2021 lena mbunaíodh an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan (an 'Comhghnóthas') le teacht in ionad Spéir Ghlan 2, faoi chlár Fís Eorpach don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2031;

C. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach é an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan a bhfuil sé mar aidhm aici an eitlíocht a athrú i dtreo todhchaí inbhuanaithe atá neodrach ó thaobh na haeráide de;

D. de bhrí gurb iad comhaltaí bunaidh an Chomhghnóthais ná an tAontas, arna ionadú ag an gCoimisiún, agus eagraíochtaí ó earnáil na heitlíochta atá i mbun caighdeán domhanda nua a chruthú do chórais eitlíochta atá iontaofa agus neodrach ó thaobh na haeráide de

E. de bhrí gur suas le EUR 1,7 billiún, lena n-áirítear suas le EUR 39,223 milliún le haghaidh costais riaracháin, a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis an gComhghnóthas, leithreasuithe LEE san áireamh, chun costais riaracháin agus costais oibriúcháin a chumhdach; de bhrí go ndéanfaidh comhaltaí an Chomhghnóthais, seachas an tAontas ranníocaíocht iomlán nó go socróidh siad go ndéanfaidh a gcomheintitis nó a n-eintitis chleamhnaithe ranníocaíocht iomlán EUR 2,4 billiún ar a laghad, lena n-áirítear suas le EUR 39,223 milliún le haghaidh costais riaracháin thar an tréimhse deich mbliana;

## Bainistiú buiséadach agus airgeadais

1. á chur in iúl gur geal léi, de réir na tuarascála ón gCúirt Iniúchóirí ('tuarascáil ón gCúirt'), go gcuirtear i láthair go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais a tháinig chun deiridh an 31 Nollaig 2021, ar gach slí ábhartha, i ndáil le staid airgeadais an Chomhghnóthais an 31 Nollaig 2021, torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain a tháinig chun deiridh ansin, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus leis na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin agus gur idirbhearta dlíthiúla agus rialta iad, ar gach slí ábharach, na hidirbhearta is bonn leis na cuntais;

2. á aithint go mbeartaítear le Fís Eorpach spriocanna uaillmhianacha don Chomhghnóthas, spriocanna nach féidir a bhaint amach ach amháin má dhéantar réitigh éifeachtacha a dhearadh agus a chur chun feidhme lena dtugtar aghaidh ar na laigí i gcórais rialaithe inmheánaigh agus lena n-ullmhaítear do na dúshláin a bheidh ann amach anseo a eascróidh as freagrachtaí méadaithe, e.g. i réimse na bainistíochta agus na pleanála acmhainní daonna; á chur i bhfios, sa chomhthéacs sin, gur riosca suntasach earráide atá i ríomhanna agus ceanglais tuairiscithe atá an-chasta agus a bhfuil ualach mór ag baint leo agus á iarraidh, dá bhrí sin, go bhféachfaí ar na simplithe féideartha nuair is féidir agus nuair atá siad comhoiriúnach leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana;

([1]) Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

3. ag tabhairt dá haire gur áiríodh sa bhuiséad deiridh a bhí ar fáil don chomhghnóthas don bhliain 2021 (lena n-áirítear leithreasuithe ó bhlianta roimhe sin nár úsáideadh agus ar cuireadh isteach arís iad, ioncam sannta agus ath-leithdháiltí don chéad bhliain eile) EUR 182.6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 189.9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí;

4. á chur in iúl go dtuigtear di go raibh tionchar ag staid phaindéim COVID-19 ar fheidhmiú an bhuiséid, go háirithe maidir le leithreasuithe íocaíochta le haghaidh caiteachas riaracháin agus, mar sin féin, go raibh ráta cur chun feidhme 99,6 % ag an gComhghnóthas le haghaidh na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in 2021 (gan na leithreasuithe nár úsáideadh sa bhliain reatha a áireamh) agus gur forghníomhaíodh na leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí go 82,3 % de na cistí a bhí ar fáil, cé is moite de leithreasuithe 2021 de EUR 22,9 milliún nár úsáideadh (56,3 % den ráta forghníomhaithe má áirítear na leithreasuithe nár úsáideadh mar bhuiséad íocaíochta iomlán);

5. ag tabhairt dá haire go raibh beagnach EUR 1 716 milliún de ranníocaíocht uasta an Aontais geallta ag an gComhghnóthas do chomhaontuithe deontais Fís 2020 sínithe, ag deireadh 2021; ag tabhairt dá haire go bhfuil thart ar EUR 273 mhilliún (nó 16 %) fós le híoc as an méid seo sna blianta atá le teacht; ag tabhairt dá haire freisin go raibh gealltanas dlíthiúil tugtha ag na comhaltaí príobháideacha go ndéanfaí ranníocaíochtaí comhchineáil de EUR 2 113,8 milliún a chur ar fáil.

6. ag tabhairt dá haire gurbh é 100 % agus 83 % faoi seach an ráta cur chun feidhme do bhuiséad gealltanais agus íocaíochtaí an Chomhghnóthais do 2021 a bhí ar fáil do thionscadail Fís 2020.

7. ag tabhairt dá aire ón Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí go ndearnadh athbhreithniú ar phleanáil 2022-2023 chun tabhairt anonn ó 2020-2021 (iarrachtaí neamhchaite agus spriocanna inghnóthaithe athphleanáilte) a áireamh chun tuairisciú ar na gníomhaíochtaí atá fágtha go dtí deireadh an chláir; ag tabhairt dá aire go mbeidh an chéad tréimhse eile ríthábhachtach mar go bhfuiltear ag súil go gcuirfear 70 % de na torthaí ar fáil sa dá bhliain dheireanacha den chlár agus go mbeidh maoiniú de ~10 % fágtha ag leibhéal an chláir; ag tabhairt dá aire freisin go mbaineann ardriosca moilleanna le roinnt réimsí Ardán Taispeána Aerárthach Nuálaíoch/Taispeántóirí Teicneolaíochta Comhtháite (IADP/ITD) agus go mbeidh gá le monatóireacht shonrach ó na comhaltaí chun a dtorthaí a sheachadadh laistigh de shaolré an chláir Spéir Ghlan 2; ag tabhairt dá aire, thairis sin, go bhfuiltear ag súil, sa chéad tréimhse eile, go daingneofar an plean go dtí a chríoch, trí mheasúnú lár na bliana (atá le déanamh i mí Iúil 2022), leis na hArdáin Taispeána Aerárthaigh Nuálaíocha (IADPanna), na Taispeántóirí Teicneolaíochta Comhtháite (ITDanna) agus na Gníomhaíochtaí Trasnacha (TAnna) agus go mbeidh ról lárnach ag na hathbhreithnithe eatramhacha ar dhul chun cinn maidir le measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht charnach a baineadh amach agus plean seachadta na dtorthaí a dhaingniú de réir an sceidil;

**Foireann agus soláthar**

8. ag tabhairt dá haire go raibh 42 bhall foirne reachtúla (gníomhairí sealadacha agus gníomhairí ar conradh) san iomlán i bplean bunaíochta an Chomhghnóthais do 2021 agus go raibh beirt saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus 42 phost líonta ag deireadh 2021; ag tabhairt dá haire gur sheol an Comhghnóthas próiseas earcaíochta dhá phost in 2021 (Ceannaire Foirne agus Oifigeach Tionscadail); ag tabhairt dá haire, sa bhreis ar na poist reachtúla, go mbraitheann an comhghnóthas ar sholáthraithe seirbhíse seachtraigh, amhail an stiúrthóir gréasáin, an gnólacht seirbhísí TF atá comhroinnte leis na Comhghnóthais eile, naonúr oibrithe eatramhacha agus aon sainchomhairleoir amháin maidir le cumarsáid (Scríbhneoir Béarla) chun tacaíocht bhreise a sholáthar don chomhghnóthas;

9. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, as barúlacha leantacha na mblianta roimhe seo ón gCúirt Iniúchóirí (an 'Chúirt') go bhfuil an staid maidir le méadú ar úsáid foirne eatramhaí le blianta beaga anuas ard fós ag thart ar 13 % den fhoireann reachtúil; á mheabhrú gur gnách méadú suntasach ar ráta athraithe foirne Chomhghnóthas IHI a bheith mar thoradh ar ardleibhéal na foirne conarthaí agus go ndéanann sé an staid foirne a dhíchobhsú tuilleadh; ag cur béim ar an bhfíoras, thairis sin, gur cheart fós gur réiteach sealadach a bheadh san úsáid a bhaintear as foireann eatramhach ós rud é go bhféadfadh sé, murach sin, tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht Chomhghnóthas IHI ina hiomláine, amhail coimeád na bpríomhinniúlachtaí, bealaí neamhshoiléire cuntasachta, díospóidí féideartha breithiúnacha agus éifeachtúlacht foirne níos ísle; á thabhairt dá haire gur fhreagair an comhghnóthas go raibh sé d'oibleagáid air cur go leanúnach leis an úsáid a bhaintear as foireann eatramhach le blianta beaga anuas mar gheall ar na srianta a bhí ar phlean daingean bunaíochta na foirne faoi choinníoll na gcúraimí agus an ualaigh oibre atá ag dul i méid, agus gur oth léi go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh leis an dá chlár – Spéir Ghlan 2 agus an clár nua um Eitlíocht Ghlan – a bheidh ar siúl go comhthreomhar; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur réiteach níos fearr a bheadh ann níos mó solúbthachta a chur ar fáil don Chomhghnóthas maidir le líon na bpost gníomhairí ar conradh sa phlean bunaíochta foirne; á mheabhrú, áfach gur cheart don Chomhghnóthas samhail nó treoraíocht fhoirmiúil a fhorbairt faoin gcaoi le riachtanais foirne (lena n-áirítear inniúlachtaí bunriachtanacha) a mheas, agus é mar chuspóir leis sin an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní foirne.

10. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an comhghnóthas, i gcomhair leis na comhghnóthais eile, úsáid Systal chun feidhme tuilleadh, ar uirlis AD ar líne é chun próisis roghnaithe slána a chur i gcrích; ag tabhairt dá haire, i gcomhréir le cinneadh an Bhoird Rialaithe maidir leis an gcóras ath-aicmigh, go ndearna an Comhghnóthas an cleachtadh ath-aicmigh in 2021 agus mar thoradh air sin, go ndearnadh athaicmiú ar aon bhall foirne déag ar gníomhairí sealadacha iad agus ar triúr ball foirne ar gníomhairí ar conradh iad;

11. á chur in iúl gur oth léi nár seoladh aon ghlao in 2021 ar thograí;

12. ag moladh an róil láidir a bhí ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FMBanna) ó thaobh rannpháirtíochta de (29 % de líon iomlán na rannpháirtíochtaí i dtionscadail a cistíodh - 555 as 1887) agus ag moladh an ardleibhéil ratha i measc iarratasóirí ó FBManna (43 %); á mheabhrú go gcruthaíonn an Gnóthas deiseanna nua do FBManna;

13. ag tabhairt dá haire, in 2021, go mbaineann na 17 gconradh a dámhadh agus a síníodh le conarthaí soláthair agus conarthaí sonracha chun creatchonarthaí leanúnacha a chur chun feidhme;

14. ag tabhairt dá haire, ón Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2021, ó thaobh cothromaíocht inscne de, go bhfuil céatadán níos ísle de mhná ag an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan i rannpháirtíocht chláir, comhordaitheoirí tionscadail, comhairleoirí agus saineolaithe i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil laghdú tagtha ar na figiúirí sin agus á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí méadaithe ó thaobh cothromaíocht inscne de;

15. ag tabhairt dá haire nach ndearna na comhghnóthais cuid de ranníocaíochtaí na bhfostóirí d'fhoireann na gcomhghnóthas a íoc le scéim pinsin an Aontais ó 2016 i leith, ar ranníocaíochtaí a chomhfhreagraíonn do chóimheas a n-ioncam fóirdheonaithe nach ioncam de chuid an Aontais iad agus a n-ioncam iomlán, ós rud é nach ndearna an Coimisiún foráil don chaiteachas sin i mbuiséad na gcomhghnóthas ná nár iarr sé na híocaíochtaí go foirmiúil; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta a dhéanamh chun fadhbanna comhchosúla a sheachaint amach anseo;

16. ag tabhairt dá haire go bhfuil an obair leantach ar mholadh 2020 ón gCúirt maidir le húsáid foirne eatramhaí fós gan réiteach; á iarraidh ar an gcomhghnóthas aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a luaithe is féidir de réir mar a chruthaíonn an staid seo éagobhsaíocht agus rioscaí suntasacha don chomhghnóthas; ag tabhairt dá haire nach féidir cur chun feidhme chlár oibre taighde agus nuálaíochta an chomhghnóthais a bhaint amach leis an leibhéal sin foirne reachtúla;

**Rialú inmheánach**

17. ag tabhairt dá haire, maidir le híocaíochtaí Fís 2020, go bhfuil Comhsheirbhís Iniúchóireachta d'Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta an Choimisiúin freagrach as iniúchtaí *ex-post* a dhéanamh, gur thuairiscigh an Comhghnóthas ráta earráide ionadaíoch 1,8 % (i gcomparáid le 1,60 % in 2020) agus ráta earráidí iarmharacha de 1,0 % (i gcomparáid le 0,91 % in 2020) do thionscadail chláir Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh), bunaithe ar na torthaí iniúchta *ex-post* a bhí ar fáil ag deireadh 2020;

18. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt iniúchadh ar shampla randamach d'íocaíochtaí Fís 2020 a rinneadh in 2021, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh chun comhthacú leis na rátaí earráide iniúchóireachta *ex- post* agus go ndearna an Chúirt é sin chun na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla an chomhghnóthais a mheasúnú. á chur in iúl gurb oth léi go bhfuair an Chúirt, i gcás amháin, earráid chórasach a bhain le ríomh mícheart rátaí in aghaidh na huaire do costais phearsanra agus go ndearna sí cainníochtú uirthi.

19. ag cur béim ar an bhfíoras gur deimhníodh earráidí sistéamacha leanúnacha i gcinneadh na Cúirte maidir le costais phearsanra dhearbhaithe agus, go háirithe, go bhfuil FBManna agus tairbhithe nua i mbaol níos mó earráidí ná tairbhithe eile; á thabhairt chun suntais gur tuairiscítear na hearráidí sin go rialta sna tuarascálacha bliantúla ón gCúirt roimhe seo ó 2017 i leith; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur réamhchoinníoll é cuíchóiriú a dhéanamh ar rialacha Fís 2020 maidir le costais phearsanra a dhearbhú agus úsáid níos leithne a bhaint as roghanna costais simplithe chun rátaí earráide a chobhsú faoi bhun an leibhéil ábharthachta; á chur i bhfios go láidir gur cheart don chomhghnóthas a chórais rialaithe inmheánaigh a neartú chun aghaidh a thabhairt ar an riosca méadaithe i dtaca le FBManna agus tairbhithe nua agus a mholadh go láidir do chatagóirí áirithe tairbhithe a bhfuil baol níos ag baint leo, amhail FBManna agus tairbhithe nua, úsáid a bhaint as Draoi na gCostas Pearsanra; á chur in iúl gur geal léi gur thosaigh na comhghnóthais uile in 2022 ar ghníomhaíochtaí le haghaidh laghduithe ar an ráta earráide a chur chun feidhme i gcomhréir leis an ngníomhaíocht a mhol an Chúirt, lena n-áirítear féachaint ar na roghanna maidir le foirmeacha simplithe costas amhail costais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe;

20. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di gur údaraíodh doiciméid thábhachtacha (mar shampla, dearbhuithe chomhaltaí an choiste meastóireachta maidir le heaspa coinbhleachtaí leasa; tuarascálacha meastóireachta ar sholáthar; tuarascálacha meastóireachta ar earcaíocht; cinntí maidir le painéil roghnóireachta um earcaíocht; cinntí dámhachtana soláthair, agus conarthaí fostaíochta) trí íomhá de shíniú an oifigigh údarúcháin a bhí freagrach a cóipeáil agus a ghreamú isteach sa doiciméad i bhformáid Word agus ansin an comhad a thiontú go formáid PDF; ag aontú le tuairim na Cúirte go bhféadfadh rioscaí dlíthiúla a bheith i gceist leis an gcleachtas seo, toisc go bhféadfaidh iarrthóir diúltaithe dúshlán a thabhairt do rialtacht na ndoiciméad meastóireachta sínithe; á iarraidh ar an gcomhghnóthas stop a chur leis an gcleachtas sin láithreach agus modh údarúcháin shláin a roghnú;

21. ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon sainmhíniú comhchuibhithe ar 'chostais riaracháin' i measc na gComhghnóthas, ar bonn é chun ranníocaíochtaí airgeadais a chomhaltaí a ríomh agus ar réamhchoinníoll é chun críche figiúirí inchomparáide; á iarraidh, agus an méid sin á chur san áireamh, go nglacfaí treoirlínte comhchoiteanna le haghaidh gach Comhghnóthais chun cur chuige comhchuibhithe a ghlacadh maidir le haicmiú catagóirí áirithe caiteachais riaracháin, amhail caiteachas ar chomhairliúcháin, staidéir, anailís, meastóireachtaí, agus cúnamh teicniúil;

22. á chur in iúl gur geal léi gur tugadh isteach an síniú digiteach; ag spreagadh an Chomhghnóthais oibriú i dtreo tuilleadh digitithe;

**Iniúchóireacht inmheánach**

23. ag tabhairt dá haire, ón Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí, gur thug Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh an Choimisiúin (IAS) agus an tOifigeach Iniúchta Inmheánaigh (IAO) de chuid an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí an Chomhghnóthais, i gcrích in 2021, de réir Airteagal 28 agus Airteagal 29 den Rialachán Airgeadais;

24. ag tabhairt dá haire nach ndearna IAS iniúchadh dearbhaithe nua in 2021; ag tabhairt dá haire go ndearnadh roinnt iniúchtaí leantacha ar mholtaí a ndearnadh roimhe seo; ag tabhairt dá haire gur cuireadh tús le hobair leantach an Iniúchta maidir le cur chun feidhme dheontais Fhís 2020 (tuarascáil deiridh an 22 Deireadh Fómhair 2020), in Aibreán 2021; ag tabhairt dá haire gur tháinig an IAS ar an gconclúid i mí an Mheithimh 2021 go raibh na trí mholadh curtha chun feidhme go leordhóthanach agus go héifeachtach ag an gcomhghnóthas agus gur measadh dá bhrí sin go raibh siad dúnta;

25. ag tabhairt dá haire gur cuireadh tús le hobair leantach an Iniúchta maidir le Bainistiú Feidhmíochta (tuarascáil deiridh an 20 Samhain 2017), i mí Iúil 2021; ag tabhairt dá haire gur bhain an moladh lena mbaineann le Faireachán agus Tuairisciú ar Fheidhmíocht Thionscadail Fís 2020; ag tabhairt dá haire go raibh an plean gníomhaíochta comhdhéanta de thrí fhoghníomhaíocht a thug aghaidh ar laigí i bpróiseas faireacháin an Chomhghnóthais maidir le rannchuidiú na dtionscadal Spéir Ghlan 2 na gcomhpháirtithe le Cuspóirí Ardleibhéil Spéir Ghlan 2; ag tabhairt dá haire, tar éis phróiseas cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí, gur mhol an Comhghnóthas na moltaí don IAS i roinnt céimeanna mar réidh le clabhsúr, agus an nuashonrú deiridh á sholáthar i mBealtaine 2021; ag tabhairt dá haire gur tháinig an IAS ar an gconclúid i nóta sonrach don Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan maidir leis an mbliain 2021, go meastar na moltaí a bheith curtha chun feidhme;

26. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an tIniúchadh leantach ar Bhainistíocht Feidhmíochta (eisíodh an tuarascáil deiridh an 20 Samhain 2017) agus ar Phróiseas Deontais Fís 2020 (ó shainaithint na dtopaicí glaonna go síniú an chomhaontaithe deontais) (eisíodh an tuarascáil deiridh an 15 Samhain 2016), i mí Eanáir 2022; ag tabhairt dá haire go bhfuil an dá mholadh maidir le tuairiscí nósanna imeachta inmheánacha an Chomhghnóthais a nuashonrú, amhail an Lámhleabhar Bainistíochta agus an Lámhleabhar Cáilíochta, i bhfianaise phróiseas iarbhír Fís 2020, curtha chun feidhme ag an gComhghnóthas i roinnt céimeanna agus go bhfuil siad molta don IAS le haghaidh dúnadh críochnaitheach i mí na Samhna 2021; ag tabhairt dá haire gur tháinig an IAS ar an gconclúid ina tuarascáil bhliantúil don Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan maidir leis an mbliain 2021, go meastar na moltaí a bheith curtha chun feidhme;

**Calaois a chosc agus coinbhleachtaí leasa**

27. á chur in iúl gur geal léi gur lean an comhghnóthas, in 2021, de na cinntí arna nglacadh ag an mBord Rialaithe a chur i bhfeidhm maidir leis na rialacha um choinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, ar rialacha iad is infheidhme maidir le comhlachtaí an comhghnóthais agus maidir le baill foirne an chomhghóthais, agus gur chuir na próisis

ghaolmhara, mar shampla maidir le Comhaltaí Bhord Rialaithe an chomhghnóthais, saineolaithe ar nósanna imeachta meastóireachta, painéil soláthair agus earcaíochta, na bearta réamhchúraim riachtanacha i bhfeidhm go comhsheasmhach chun coinbhleachtaí féideartha a shainaithint; á chur i bhfios go láidir go bhfuil beartas comhghnóthas maidir le feidhmeanna íogaire dréachtaithe agus é bunaithe ar mheasúnú riosca tiomnaithe agus go dtabharfar chun críche é sa bhliain 2022;

28. á chur i bhfios, de réir mheasúnú a rinne an Chúirt, gur gá an riosca a bhaineann le féimheachtaí calaoiseacha nó iompraíochtaí calaoiseacha eile, chun éalú ó na fadhbanna airgeadais agus srianta soláthair, a mheas i gcomhthéacs phaindéim Covid-19 mar bhagairt bhreise ar dhlíthiúlacht. agus rialtacht; á chur in iúl gur mór aici go bhfuil sampla sainiúil riosca-bhunaithe d'iniúchtaí *ex-post* bunaithe ag an gComhghnóthas chun sraith tionscadal Chomhaontaithe Deontais do Chomhpháirtithe (GAP) de chuid an chomhghnóthais a chumhdach, ar tionscadail iad lena léirítear risíocht áirithe do shrianta Covid-19 de réir mar a thuairiscigh an Chúirt, amhail laigí airgeadais, moilleanna oibríochtúla, costais phearsanta arda i gcomparáid leis an meán;

29. á chur in iúl gurb oth léi gur eisigh OLAF, sa bhliain 2021, na conclúidí agus a thuarascálacha maidir le dhá chás a bhain le deontais ón gComhghnóthas Spéire Glaine 1 agus ón gComhghnóthas Spéire Glaine 2 agus gur deimhníodh an chalaois líomhnaithe sa dá chás;

30. ag tabhairt dá haire go ndírítear le moltaí OLAF sa dá chás ar bhearta atá le déanamh ag an gComhghnóthas chun an maoiniú a aisghabháil agus chun an t-eintiteas agus an duine a chur in iúl i gcórais CE (Bunachar Sonraí maidir le hEisiaimh); ag tabhairt dá haire go bhfuil an dlíthíocht a bhaineann leis an gcás san Iodáil (a thaisceadh in 2018) curtha i gcrích ag an gcomhghnóthas os comhair na Cúirte Ginearálta agus go ndéanfaidh an comhghnóthas iarracht breithiúnas na Cúirte Ginearálta a fhorghníomhú ar an leibhéal náisiúnta; ag tabhairt dá haire, maidir le cás na Beilge, go raibh a éilimh airgeadais cláraithe ag an gcomhghnóthais leis an leachtaitheoir cheana féin in 2017, bunaithe ar thuarascáil OLAF agus ar dhearbhú calaoise, agus go bhfuil anailís á déanamh ag an gcomhghnóthas ar an mbeart breithiúnach a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta.